Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

AN ROINN OIDEACHAIS

DRÉACHTPHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MÍCHUMAIS

2010 - 2013

Rinne muid an Dréachtphlean Gníomhaíochta Míchumais seo lena thaispeáint a bhfuil á dhéanamh againn le tacú le daoine faoi mhíchumas.

Más mian leat cóip den phlean seo a fháil i bhformáidí eile .i.

- **Cló mór**
- **Braille**
- **Closfhormáid**
- **Soléite**
- **Teangacha eile**

Déan teagmháil linn, le do thoil, trí cheachtar de na bealaí seo a leanas:-

Ríomhphost: equality@deni.gov.uk

Téacsfón: 028 91279 472
Fón: 028 91279 835



An Fhoireann Comhionannais agus Tacaíochta Earnála

An Roinn Oideachais

Teach Ráth Giall

43 Bóthar Bhaile Aodha

Rathgill

BEANNCHAR

BT19 7PR

RÉAMHRÁ

1.1 Faoi Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdhealú Míchumais (1995) (mar atá leasaithe ag Airteagal 5 den Ordú in aghaidh Idirdhealú Míchumais (TÉ) (2006), tá ceanglas ar an Roinn Oideachais aird faoi leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas agus í ag comhall a cuid feidhmeanna:

- dearcthaí dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn; agus
- daoine faoi mhíchumas a spreagadh le bheith rannpháirteach sa saol poiblí (“na dualgais mhíchumais”)

Faoi Alt 49B den Acht in aghaidh Idirdhealú Míchumais (1995), tá ceanglas ar an Roinn Oideachais fosta **plean gníomhaíochta míchumais** a chur faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais lena thaispeáint an dóigh a mbeartaíonn sí na dualgais sin a chomhlíonadh i dtaca lena feidhmeanna.

1.2 Mar Aire agus Rúnaí Buan na Roinne Oideachais, táimid tiomanta do na dualgais mhíchumais agus don phlean gníomhaíochta míchumais seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Dáilfimid acmhainní (i dtéarmaí daoine, ama agus airgid) leis an phlean seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus le cuspóirí agus spriocanna a bhaineann leis na dualgais mhíchumais a chur isteach i bpleananna corparáideacha agus bliantúla.

Lena chois sin, cuirfimid socruithe inmheánacha i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear leis na dualgais mhíchumais agus lena chinntiú go gcuirfear an plean gníomhaíochta seo i bhfeidhm go héifeachtach. Cinnteoimid go mbeidh baill foirne ar an eolas faoin phlean agus

cuirfimid oiliúint agus treoir ar fáil do bhaill foirne maidir leis na dualgais mhíchumais agus cur i bhfeidhm an phlean.

Clúdaíonn an plean an tréimhse 2010 – 2013 agus leagann sé amach na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an Roinn a dhéanamh le linn na tréimhse sin.

Táimid tiomanta do theagmháil a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas, agus lena ngrúpaí ionadaíochta, ó thaobh fhorbairt, chur i bhfeidhm agus athbhreithniú an phlean seo.

Le feasacht ar an Dréachtphlean Gníomhaíochta Míchumais a chur chun cinn, beimid ag cur eolas ar fáil (i bhformáidí inrochtana) d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann daoine faoi mhíchumas, agus daoine nach bhfuil Béarla ná Gaeilge mar chéad teanga acu maidir leis an dóigh le formáidí malartacha den Phlean a fháil.

Ba chóir aon tuairimí ar an phlean seo a sheoladh chuig:-

Edith Preston
An Fhoireann Comhionannais agus Tacaíochta Earnála
An Roinn Oideachais
Seomra 602
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Rathgill
Beannchar BT19 7PR

Ríomhphost: equality@deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9835

Facs: 028 9127 9100

Guthán: 028 91279472

1.3 Deimhnímid go bhfuilimid tiomanta do Thuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar chur i bhfeidhm an phlean seo a chur ar fáil agus sa bhliain 2012 athbhreithniú cúig bliana a dhéanamh ar na Pleananna Gníomhaíochta Míchumais a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais.

Beidh cóip den phlean seo, ár dTuarascáil Bhliantúil is déanaí ar Dhul Chun Cinn agus ár n-athbhreithniú cúig bliana ar Phleananna Gníomhaíochta Míchumais ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.deni.gov.uk

FEIDHMEANNA

1.4 Tá an Roinn Oideachais freagrach as gach gné d'oideachas agus seirbhísí gaolmhara a riaradh go lárnach – ach amháin ardoideachas agus oideachas breise a bhfuil an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) freagrach astu.

Tá an Roinn freagrach as na réimsí seo a leanas go príomha: réamhscolaíocht, bunscolaíocht, iar-bhunscolaíocht agus oideachas speisialta; an tseirbhís óige; caidreamh pobail a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus eatarthu; agus oideachas agus tuarastail na múinteoirí. Is é príomhdhualgas reachtúil na Roinne oideachas a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear beartas oideachais i bhfeidhm go héifeachtach.

I measc a príomhfheidhmeanna tá:

- comhairle a chur ar airí maidir le beartas oideachais a shocrú;
- reachtaíocht a fhrámú;

- éifeachtacht an chórais oideachais a mhíniú;
- dáileadh, monatóireacht agus cuntasaíocht a dhéanamh ar acmhainní; agus
- measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama, agus ar oideachas múinteoirí tríd an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna.

Lena chois sin, tá sé mar aidhm ag an Roinn a chinntiú go mbaineann páistí amach na caighdeáin is airde de ghnóthachtáil oideachasúil, trí bheith rannpháirteach i scoileanna. I réamhscoileanna, scoileanna agus tríd an tSeirbhís Óige, cuireann an Roinn leas pearsanta agus forbairt shóisialta chun cinn fosta, ionas go bhfaighidh páistí an t-eolas, na scileanna agus an taithí lena lánacmhainn a bhaint amach mar dhaoine luachacha.

Tá naoi gcomhlacht phoiblí neamhrannacha i gceist sa chóras oideachais sa dlínse seo. Cé go bhfeidhmíonn siad go neamhspleách, oibríonn siad go dlúth leis an Roinn Oideachais agus tá an tAire Oideachais freagrach astu i ndeireadh na dála.

Go dtí go mbunófar an ÚOS, áiríonn siad:

- Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste;
- Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt
- Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt
- Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt
- Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe
- An Coimisiún Foirne do na Boird Oideachais agus Leabharlann

- An Chomhairle Óige

Bhí an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) le bheith bunaithe ar an 1 Eanáir 2010; bhí sé le teacht isteach in áit roinnt eagraíochtaí oideachais atá ann cheana féin. Cuireadh moill air sin agus fad is go bhfuil sé mar aidhm againn go fóill an ÚOS a bhunú a luaithe agus is féidir, níl aon dáta leagtha síos go fóill. I bhfianaise an méid sin, leanfar ar aghaidh le clár coinbhéirseachta seachadta faoi stiúir Fhoireann Feidhmithe ÚSO na roinne. Leagfaidh an clár amach na meicníochtaí a chumasóidh réimse seirbhísí le bogadh i dtreo samhail atá á bainistiú go réigiúnach.

Comhoibríonn an Roinn Oideachais go dlúth leis na ranna rialtais, go háirithe leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) a riarann an earnáil ardoideachais agus bhreisoideachais agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF). Oibríonn an Roinn i gcomhar leis an RFF i dtaca le hoideachas múinteoirí de agus bíonn sí ag comhoibriú leis an RCEF ar shaincheisteanna níos leithne i gcúrsaí oideachais.

I dtaca le leas agus folláine na bpáistí de, bíonn dlúth-chomhoibriú ann leis an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí.

POIST SA SAOL POIBLÍ

1.5 Déanann an Roinn ceapacháin ar réimse leathan comhlachtaí poiblí agus eile san earnáil oideachais. Déanann Oifig an Choimisinéara um Cheapacháin Phoiblí (OCCP TÉ) roinnt mhaith de na ceapacháin sin a rialú.

Fanann an Roinn tiomanta do phrionsabail Chód Cleachtais OCCP TÉ a chur i bhfeidhm do na ceapacháin ar fad a dhéanann sí agus an aird chuí a thabhairt ar an phrionsabal bhunúsach go gcaithfidh comhionannas deiseanna agus éagsúlacht a bheith de dhlúth agus d'inneach sa phróiseas earcaíochta ó thús deireadh.

Bhí an Roinn freagrach as ceapacháin sa saol poiblí a dhéanamh sna heagraíochtaí seo a leanas:

- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil*
- Coistí Oideachais na nDeoisí de chuid Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
    - Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste*
    - Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt*
    - Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt*
    - Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt*
    - Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair*
- An Chomhairle Ghinearálta Teagaisc
- An Chomhairle um Oideachas Comhtháite
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe
- An Coimisiún Foirne do na Boird Oideachais agus Leabharlann
- An Coiste um Thuarastail agus Coinníollacha Seirbhíse na Múinteoirí (Scoileanna)
- Comhairle Óige Thuaisceart Éireann*

* Go dtí go mbunófar an ÚOS

Ceapacháin Eile

- Boird Bhainistíochta Scoileanna Gramadaí Deonacha áirithe
- Scoileanna Comhtháite Faoi Chothabháil Stáit – Boird Ghobharnóirí
- Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin Teo.
- An Binse Sainriachtanais Oideachais agus Míchumais

BEARTAIS GHNÍOMHAÍOCHTA

1.6 De bhreis ar leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí atá ann cheana féin atá sonraithe inár mbunPhlean Gníomhaíochta Míchumais, sonraíonn na beartais seo a leanas na gníomhaíochtaí atá beartaithe againn a dhéanamh le linn thréimhse an phlean.

Beartais le dearcthaí dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na ndaoine faoi mhíchumas sa saol poiblí a spreagadh

	Beartais Ghníomhaíochta	**Amscála**	**Táscairí Feidhmíochta**
1	Obair a fhorbairt leis an RSSSSP ar phlean gníomhaíochta teiripe urlabhra agus teanga le heochair-réimsí feabhais a shainaithint mar aon leis an bhealach chun tosaigh do sheirbhísí teiripe urlabhra agus teanga.	Tá plean gníomhaíochta dhá bhliain RSSSSP le heisiúint le haghaidh comhairliúcháin i samhradh na bliana 2010.	Feabhas a chur ar sheirbhís teiripe urlabhra agus teanga a sholáthraíonn seirbhísí éifeachtacha, tráthúla, cuí do pháistí agus do dhaoine óga, seirbhísí a chuirfidh le cumas na bpáistí ó thaobh deacrachtaí urlabhra, teanga agus cumarsáide le páirt a ghlacadh in oideachas / sa saol poiblí.
2	Tá treoir le heisiúint ar riachtanais inrochtaineachta do scoileanna agus d’údaráis scoileanna faoi	Níl an treoir críochnaithe go fóill; b’fhéidir go mbeidh	Inrochtaineacht a leabú i dtaca leis an churaclam, faisnéis faoin scoil agus timpeallacht fhisiciúil

	SENDO 2005.	breis athbhreithnithe le déanamh uirthi.	na scoile.
3	Poiblíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí méadaithe feasachta ar nós Seachtain Feasachta ar na Bodhair, Seachtain Míchumas Foghlama srl.	Ó Dheireadh Fómhair 2010 ar aghaidh.	Níos mó feasachta i measc baill foirne agus na hearnála oideachais maidir le scóip an mhíchumais agus na gníomhaíochtaí dearfacha atá á ndéanamh.
4	Faisnéis a bhailiú ar eiseamláirí de dhea-chleachtas uileghabhálach.	Faoi Mhárta 2011	Anailís a dhéanamh ar an dóigh a mbailítear faisnéis agus cás-staidéir ar shamplaí de dhea-chleachtas uileghabhálach i scoileanna agus in eagraíochtaí, lena n-áirítear aistriú, agus comhoibriú i réimsí foghlama.

5	Oibriú le comhpháirtithe oideachais agus comhpháirtithe san earnáil phobail/dheonach laistigh den Fhóram Frithbhulaíochta le dul i ngleic le bulaíocht na bpáistí agus na ndaoine óga lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas.	Ar bhonn leanúnach	Lena chinntiú go bhfuil cur chuige éifeachtach i bhfeidhm ag scoileanna le dul i ngleic le gach cineál bulaíochta i measc daltaí agus go bhfuil gach dalta, agus a gcuid tuismitheoirí, muiníneach go dtabharfar aghaidh ar a n-údair imní faoi bhulaíocht ar bhealach cuí agus tráthúil.
6	Rochtain ar thacaíocht comhairleoireachta do dhaltaí ag aois iar-bhunscoile i scoileanna speisialta.	Tá an cur i bhfeidhm le tosú go luath sa scoilbhliain 2010/11	Cothromas soláthair a chinntiú do gach dalta atá ag aois iar-bhunscoile.
7	Forbairt Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin a chur chun cinn i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.	Ar bhonn leanúnach	Forbairt na n-áiseanna agus na seirbhísí do pháistí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais orthu le measúnú oideachais dara leibhéal a

			chumasú do pháistí in éineacht leis na seirbhísí Oiliúna agus Taighde atá ann cheana féin.
8	Acmhainn a fhorbairt le freastal ar Shainriachtanais Oideachais na bPáistí trí mheán na Gaeilge.	Tá an cur i bhfeidhm le tosú le linn 2010/11.	Dul chun cinn a dhéanamh ar shaincheisteanna le Grúpa Oibre / Meitheal Smaointe um Shainriachtanais Oideachais Lán-Ghaeilge
9	Taighde lena dheimhniú cé chomh hindéanta agus atá sé measúnú curaclaim agus uirlisí diagnóiseacha a fhorbairt as Gaeilge.	Ar bhonn leanúnach	An bealach chun tosaigh a shainaithint do mheasúnú Sainriachtanais Oideachais páistí san earnáil Lán-Ghaeilge le ligean d'idirghabhálacha cuí agus éifeachtacha a chur isteach le freastal ar Shainriachtanais Oideachais.

10	Aistrithe chuig Aosacht trí bhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a roinnt b'fhéidir idir sholáthróirí ar nós BOL, OB, AO, lucht soláthar oiliúna, Iontaobhais Sláinte agus Dlí agus Cirt d'Ógánaigh.	Ar bhonn leanúnach	Comhoibriú feabhsaithe ag soláthróirí le haistriú a éascú agus le freastal ar riachtanais na ndaoine óga.
11	Dul chun cinn a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta idirbhearta go dtí aosacht i gcomhar le RFF agus RSSSSP	Ar bhonn leanúnach	Comhoibriú níos éifeachtaí idir ranna le réimsí forbartha a shainaithint le freastal ar riachtanais na ndaoine óga.
12	Straitéis uathachais agus plean feidhmithe a fhorbairt.	Tá an dréachtstraitéis le bheith réidh faoi Mhí na Nollag 2010.	Páistí agus daoine óga ar speictream an uathachais a chumasú le rochtain a fháil ar oideachas agus a lánacmhainn a bhaint amach.
13	Athbhreithniú ar Shainriachtanais Oideachais agus ar Chuimsiú	Ar bhonn leanúnach	Mionroghanna beartais a dhréachtú do bheartas athbhreithnithe Sainriachtanas

			Oideachais agus Cuimsithe, i ndiaidh anailís ar fhreagairtí ar phróiseas foirmiúil comhairliúcháin.
14	Oibriú le grúpaí idir-rannacha ar chur chuige comhordaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar an mhíbhuntáiste a bhíonn ar dhaoine faoi mhíchumas.	Ar bhonn leanúnach	Feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do pháistí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas.
15	Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe le haghaidh cumarsáide idir scoileanna agus tuismitheoirí bodhara nó tuismitheoirí lagéisteachta.	Faoi Mhárta 2011	Feasacht ar an tacaíocht atá ar fáil a mhéadú.

16	Caidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht i mBeartas Oideachais.	Táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é go luath sa bhliain 2011.	Cuirfidh an beartas caidrimh fheabhsaithe chun cinn trí oideachas a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga le féinmheas agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt, comhionannas a chur chun cinn agus oibriú le deireadh a chur le leithcheal do gach grúpa atá clúdaithe in Alt 75.
17	Oiliúint a chur ar fhoireann túslíne na RO.	Ar bhonn leanúnach	Níos mó feasachta a bheith acu ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas.
18	Athbhreithniú ar ábhar ionduchtaithe ar shuíomh inlín na Roinne.	Faoi Mhárta 2011	Lena chinntiú go gcuireann an t-ábhar béim ar riachtanais na ndualgas dearfach míchumais.

19	A chinntiú go mbíonn tagairtí dearfacha agus comhréireacha do dhaoine faoi mhíchumas i gcáipéisíocht chorparáideach.	Faoi Dheireadh Fómhair 2010.	Níos mó feasachta ar shaincheisteanna míchumais agus beartais dhearfacha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.
20	Dearcthaí dearfacha a chur chun cinn laistigh den Roinn i leith daoine faoi mhíchumas	2010/11 ar aghaidh	Dhá alt in aghaidh na bliana a chur le chéile le cur isteach in *Edlines* - iris fhoireann na Roinne Oideachais. Dul i dteagmháil le baill foirne maidir le Grúpa Fócais um Mhíchumas a bhunú
21	Feasacht na foirne a mhéadú maidir le ról Oifigeach Idirchaidrimh Mhíchumais na Roinne (OIM) (is é príomhchuspóir an OIM feidhmiú mar phointe teagmhála i dtaca le coigeartuithe ar bith san ionad oibre)	Ar bhonn bliantúil	Alt amháin a chur ar fáil in aghaidh na bliana le cur isteach in *Edlines*.

22	A chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm gach coigeartú do bhaill foirne go tráthúil	Laistigh de 8 seachtaine ón iarratas	A chinntiú go ndéanfar na coigeartuithe cuí ionas go mbeidh baill foirne faoi mhíchumas ábalta oibriú go sásúil.
23	Níos mó spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil do bhaill foirne agus do chuairteoirí laistigh d'ollionad Theach Ráth Giall.	Faoi Mhárta 2011.	Le rochtain níos fusa a éascú ar an fhoirgneamh do bhaill foirne agus do chuairteoirí a bhfuil fadhbanna gluaiseachta acu.
24	Comhlíonadh leis an Acht in aghaidh Idirdhealú Míchumais agus an Ordú um Idirdhealú Míchumais - laistigh de na hollionaid: Teach Ráth Giall agus Teach Thaobh an Uisce (deisiúcháin agus earraí ionaid)	Ar bhonn leanúnach	Déanfar measúnuithe riosca sula dtosófar Cothabháil Phleanáilte Choisctheach lena chinntiú go mbeidh foirgnimh ag cloí le DDA.

25	Treoir na Roinne ar an phróiseas aistrithe ó Bhunscoileanna go dtí Iar-Bhunscoileanna	Ó Mheán Fómhair 2010	Cuireadh i gcuimhne d'iar-bhunscoileanna atá ag iarraidh nósanna imeachta neamhspleácha measúnaithe nó '"Trialacha Iontrála" a úsáid laistigh dá n-iontrálacha gur chóir dóibh bheith aireach ar idirdhealú míchumais - mar atá sé sainmhínithe faoin Acht in aghaidh Idirdhealú Míchumais, 1995. Má tá dalta, atá ag iarraidh fáil isteach i scoil, sainmhínithe mar 'faoi mhíchumas' faoi théarmaí an Achta, beidh dualgas ar an scoil ansin "coigeartuithe réasúnacha" a dhéanamh i dtaca leis na socruithe a dhéanann sí le hiontrálacha a

			chinntiú. Chomh maith leis sin cuireadh i gcuimhne d'iar-bhunscoileanna atá ag iarraidh "Trialacha Iontrála" a úsáid gur cheadaigh an Roinn do CCEA, nuair a chuir sí an Teist Aistrithe ar fáil, an páipéar teiste a sholáthar i réimse formáidí deartha do riachtanais na bpáistí nach bhfuil ráiteas acu ach a bhfuil disléicse/diospraicse orthu.
26	Tréadchúram agus cosaint leanaí	Faoi Mhárta 2011	Leanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna le tuairisciú ar thréadchúram agus ar chosaint leanaí, lena n-áirítear comhlánú proforma SENDO le linn gach cigireachta.

27	Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta cigireachta	Faoi Mhárta 2011	Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna athbhreithniú ar nósanna imeachta cigireachta lena chinntiú go bhfuil míchumas/cuimsiú ina bhunghné den phróiseas cigireachta.
28	Le Chéile i dTreo Feabhais	Samhradh 2010	Scaipfidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna ‘Le Chéile i dTreo Feabhais’ agus táscairí feidhmíochta Sainriachtanais Oideachais trasna an chórais le cuimsiú a chur chun cinn agus le caighdeáin a ardú do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas.

29	Forbairt foirne - Cigireacht Oideachais agus Oiliúna	Faoi Mhárta 2011	Tiomnóidh an Chigireacht do chinntiú go bhfaighidh a baill foirne oiliúint i dtréadchúram agus cosaint leanaí a mheas agus go dtabharfar faisnéis dóibh maidir le reachtaíocht míchumais.
30	Scagadh Comhionannais agus Cearta Daonna ar Bheartais nua nó athbhreithnithe.	Ó Mheán Fómhair 2010	Agus iad ag comhlánú na foirme Comhionannais agus Cearta Daonna iarrfar ar lucht déanta beartas breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí ó thaobh cearta daonna de a bheidh ag na beartais - lena n-airítear *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta* an Duine *faoi Mhíchumas* . Leanfar ar aghaidh leis an

			cheanglas ar lucht déanta beartas breithniú a dhéanamh ar na Dualgais Mhíchumais faoi Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdhealú Míchumais (1995) (an 'DDA 1995'), (mar atá leasaithe ag Airteagal 5 den Ordú in aghaidh Idirdhealú Míchumais (Tuaisceart Éireann) (2006)

Caitríona Ruane, MLA
An tAire Oideachais

Paul Sweeney
Rúnaí Buan